An Coimisiún Eorpach

LEISPIACH
AERACH
DÉGHNÉASACH
TRASGHNÉASACH
IDIRGHNÉASACH
HEITRIGHNÉASACH

GACH DUINE ÉAGSÚIL
GACH DUINE MAR A CHÉILE

#EU4LGBTI

CROÍLUACH DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH IS EA AN COMHIONANNAS

Tá an ceart againn ar fad go gcaitear go cothrom linn, beag beann ar ár ngnéaschlaonadh, ár bhféiniúlacht inscne nó ár dtréithe gnéis. Tá comhionannas leispiach, daoine aeracha, déghnéasach, trasghnéasach agus idirghnéasach á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach (AE) leis na blianta, ach cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, tá leithcheal thart orainn go léir fós. Is féidir le daoine a mhothú go bhfuil siad i gcontúirt i spásanna poiblí; d'fhéadfadh sé nach bhfuil na deiseanna acu a ndéanann daoine eile deimhin dóibh ag an áit oibre; b'fhéidir go mothaíonn siad go gcaithfidh siad cé iad féin a chur i bhfolach ar scoil. D'fhéadfadh leithcheal bheith rompu agus cúram sláinte á rochtain acu, féiniúlacht inscne dhlíthiúil i ndoiciméid oifigiúla á bhfáil acu nó iad i mbun a ngnáthshaoil laethúil go díreach.

Tagann leithcheal i gcoinne daoine LGBTI salach ar luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh agus fad is go bhfuil sé ina fhadhb, ní stopfaidh an tAontas Eorpach ag obair chun deireadh a chur leis.

BÍODH DO CHUID CEART AR EOLAS AGAT

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tá leithcheal ar bhonn gnéaschlaonta ag an obair neamhdhleathach ó 2000 i leith, faoin Treoir um Chomhionannas Fostaíochta. Leis sin cinntítear go bhfuil cosaint dhlíthiúil agat, mar shampla, má cheapann tú go bhfuiltear ag caitheamh go míchothrom leat, ar bhonn do ghnéaschlaonta agus iarratas á dhéanamh agat ar phost nó ardú céime. Leis an Treoir chomh maith tugtar cosaint duit i gcoinne bulaíochta nó ciaptha san áit oibre.

Faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, bhunaigh na Ballstáit comhlachtaí náisiúnta comhionannais, agus i roinnt tíortha cumhdaítear leithcheal fúthu sin bunaithe ar ghnéaschlaonadh nó ar fhéiniúlacht inscne. Beidh na heagraíochtaí sin, chomh maith le ENRanna agus ceardchumainn, ábalta cuidiú leat nuair a mhothaíonn tú go ndearna leithcheal ort ag an obair nó nuair a bhí iarratas á dhéanamh agat ar phost.

Rinne an Coimisiún Eorpach togra chomh maith chun an chosaint sin a leathnú chuig slándáil shóisialta, cúram sláinte, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí amhail tithíocht. Tá an togra sin fós le glacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag Parlaimint na hEorpa. Tá reachtaíocht dá leithéid glactha cheana ag roinnt Ballstát ar an leibhéal náisiúnta.

CAD ATÁ AN tAONTAS EORPACH AG DÉANAMH CHUN COMHIONANNAS LGBTI A CHUR CHUN CINN?

Chun an leithcheal atá le sárú ag daoine LGBTI a chomhrac, d'fhorbair an Coimisiún Eorpach an **'Liosta gníomhaíochtaí chun comhionannas LGBTI a chur chun cinn'**. Is iad seo a leanas na samplaí nithiúla:

Tacaíocht don tsochaí shibhialta

Tá ENRanna ina bpríomhspreagthaí i gcomhair athraithe. Is é sin an fáth a dtacaíonn an Coimisiún Eorpach le heagraíochtaí na sochaí sibhialta tríd an gclár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht agus trí chlár Erasmus+. Tugtar tacaíocht leis an maoiniú sin, mar shampla do: bród na dTíortha Baltacha agus Phoblacht na Seice, feachtais frithbhulaíochta i scoileanna sa Ghréig nó uirlisí ar líne chun fuathchaint a chosc san Iodáil.

In áiteanna lasmuigh den Aontas Eorpach, déantar coir fós de homaighnéasachas i 70 tír agus d'fhéadfadh pionós an bháis bheith mar thoradh air in ocht gcinn de na tíortha sin. Tugtar tacaíocht do chosantóirí chearta an duine do dhaoine LGBTI sna tíortha sin tríd an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine.

Ceartas agus Tomhaltóirí

Fuathchaint agus coireacht fuatha

Is ionann fuathchaint agus coireacht fuatha homafóbach agus thrasfóbach agus ionsaí ar dhínit duine. Cuireann sé isteach ar na cearta bunúsacha atá ag an íospartach. Cothaíonn an Coimisiún plé idir na Ballstáit, cinntíonn sé malartú dea-chleachtas agus forbraíonn sé treoir neamhfhoirmiúil ar an dóigh le fuathchaint agus coireacht fuatha a chosc agus a chomhrac.

Bainistíocht na héagsúlachta

Caitheann daoine a lán ama ag an obair, áit nár chóir dóibh bheith ag mothú leochaileach as bheith ar a nós féin go díreach. Spreagann an Coimisiún gnólachtaí chun áiteanna oibre uilechuimsitheacha a chruthú do dhaoine LGBTI trí Ardán an Aontais Eorpaigh do Chairteacha um an Éagsúlacht. Faoi láthair díríonn 27% de na cuideachtaí sin a shínigh an Chairt um an Éagsúlacht ar ghnéaschlaonadh ina dtionscnaimh éagsúlachta chomh maith. Tá an Coimisiún Eorpach ag obair chun an líon sin a mhéadú.

Feasacht a spreagadh

Is rímhinic nach bhfuil a fhios againn an cineál dúshlán a bhíonn le sárú ag daoine LGBTI. Chun cead cainte a thabhairt do dhaoine, tá fianaisí pearsanta físe daoine LGBTI á bhforbairt ag an gCoimisiún agus tá díospóireachtaí á n-eagrú aige sna Ballstáit. Sna físeáin agus sna díospóireachtaí déantar iniúchadh ar an leithcheal atá roimh dhaoine LGBTI agus cad is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcás.

Léirigh an Coimisiún tacaíocht phoiblí trína cheanncheathrú a mhaisiú, foirgneamh Berlaymont sa Bhruiséil, i ndathanna na brataí bogha báistí ar an Lá Idirnáisiúnta i gcoinne na Homafóibe (17 Bealtaine) agus trí pháirt a ghlacadh in Europride.

GLACADH SÓISIALTA AGUS LEITHCHEAL: COMPARÁID NA hÉIREANN I GCOINNE MHEÁN AN AONTAIS EORPAIGH

	AE	IE
Thar bhliain amháin, is é seo an méid daoine **LGBTI ar tharla leithcheal nó ciapadh dóibh**.	47 %	47 %
Léiríonn meán an Aontais Eorpaigh nach mothaíonn ach leath den daonra compordach leis an smaoineamh **go mbeadh duine LGBTI i bpost polaitiúil ardtofa**.	54 %	81 %
Níl ach leath d'Eorpaigh compordach **le lánúin aeracha bheith ag léiriú geana go poiblí** (e.g. ag pógadh nó greim lámh a bheith acu ar a chéile).	49 %	59 %
B'fhéidir go bhfuil leithcheal forleathan, ach tá formhór na nEorpach i bhfabhar cearta comhionanna do dhaoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasghnéasacha agus Idirghnéasacha (LGBTI).	71 %	87 %

Foinsí: ***Eorabharaiméadar Speisialta 437- Leithcheal san Aontas Eorpach in 2015*** *agus* ***Suirbhé LGBT AE, FRA, 2013***

TUILLEADH EOLAIS: ec.europa.eu/lgbti #EU4LGBTI

https://twitter.com/EU_Justice https://www.facebook.com/EUJustice https://www.youtube.com/user/EUJustice